

Plean Teanga Chumann Peile Naomh Anna, Leitir Móir 2020-2023

Réamhrá

Ag aithint ról agus freagracht an chlub i dtaobh na teanga de, d'aontaigh **Coiste Feidhmiúcháin/Coiste Gaeilge Chumann Peile Naomh Anna, Leitir Móir** ar riachtanas agus éileamh na mball ar sheirbhísí teanga a mheas chun go gcuirfear plean teanga le chéile.

Cuireadh an plean seo a leanas faoi bhráid Choiste Feidhmiúcháin **Chumann Peile Naomh Anna, Leitir Móir** ag cruinniú ar **an 3ú Márta 2021** agus is ann a aontaíodh an plean a chur i bhfeidhm.

Staid Reatha na Gaeilge sa Chlub

Tá an club seo gníomhach maidir le cur chun cinn na teanga **ó bunaíodh an cumann i 1964** agus is trí Ghaeilge amháin a réachtáiltear imeachtaí an chumainn ach is léir dúinn go mbeidh rath níos fearr ar an obair ach muid a bheith ag feidhmiú de réir phlean teanga atá curtha le chéile de thoradh phróisis céimnithe, mar go bhfuil brú ar an nGaeilge taobh amuigh d'imeachtaí an chumainn. Aithníonn an plean seo staid reatha na teanga sa chlub faoi lathair faoi na ceannteidil seo:

A. Stádas na Teanga

Feiceálacht na Teanga: Tá an Ghaeilge le feiceáil thart ar an gclubtheach, an ár suíomh idirlín, meáin shóisialta, ábhair chlóite, ach tá tuilleadh gur féidir linn a dhéanamh chun cur le feiceálacht na teanga ar chomharthaí (istigh agus amuigh), srl. Cuirfidh Fochoiste Gaeilge nua an Chlub plean i dtoll a chéile chun feiceálacht na teanga a bhreisiú agus a mhéadú i dtimpeallacht an chlub, go fisiciúil agus go digiteach, araon.

Ról na Gaeilge i Saol an Chlub: Tá an Ghaeilge in úsáid i gcónaí ag ócáidí an chumainn ar ábhair phoiblíochta agus i gcur i láthair ócáidí. Freisin mar an eagraíocht pobail is sine sa cheantar, tá stádas ar leith ag an gclub sa cheantar feidhme.

Áit don Ghaeilge ag Coiste an Chlub: Úsáidtear an Ghaeilge i gcónaí ag cruinnithe coiste, ag cruinnithe le fochoistí, bainisteoirí agus muintir na mBall.

Dearcaidh Dhearfacha i leith na Teanga: Tá dearcadh dearfach i leith na teanga sa cheantar agus tá sé tábhachtach go mbeidh an cumann lárnach agus feicéalach ag cruthú dearcadh dearfach sa todhchaí.

B. Foghlaim na Teanga

Ag Freastal ar Éileamh i dtaobh Foghlaim Teanga: Bhí cruinniú ag oifigigh ón gcoiste leis an Oifigeach Pleanála Teanga do Cheantar na nOileán i mí Feabhra 2020 agus táimid sasta cuidiú leis an Oifigeach éileamh na mball a mheas maidir le deiseanna foghlama.

Eagrú Deiseanna Foghlamtha: Ní rabhamar ag eagrú aon ranganna Gaeilge dár mball. Má tháinig daoine isteach sa cheantar gan Gaeilge, cuireamar i dteagmhail le heagraíochtaí eile san cheantar a bhí ag eagrú ranganna, m.sh. Muintearas i dTír an Fhia agus Acadamh na hOllscoile Gaeilge ar an gCeathrú Rua. Níor eagraigh muid

deiseanna eile foghlamtha go fóill ach eagraíonn an Cumann seisiún Bingó agus Tráth na gCeist Boird do mhuintir an cheantair.

Tacaíochtaí agus Aitheantas d'Fhoghlaim na Teanga: Tacaíonn muid leis na heagrais chuí atá ag cur ranganna cáilithe ar fáil. Táimid sásta tacaíochtaí a chur ar fáil d'fhoghlaimoirí nó do scéimeanna aitheantais/ranganna cáilithe a chur ar fáil leis na heagrais chuí.

C. Úsáid na Teanga

Ag Freastal ar Éileamh i dtaobh Úsáid na Teanga: Rinne muid suirbhé san Earrach 2020 ar éileamh na mball a mheas i dtaobh deiseanna chun an teanga a úsáid.

Ag Cruthú Deiseanna chun an Teanga a Úsáid: Bíonn riar ócáidí againn in aghaidh na bliana le fada ina mbíonn deis ag lucht freastal ar ranganna teacht le chéile, cosúil le tráth na gceist boird.

Tacaíochtaí agus Aitheantais as Úsáid na Teanga: Bhí scéim scoláireachtaí Gaeltachta ann uair amháin. Bronntar fáinne ar pháistí ag ranganna gach bliain. Is í an Ghaeilge príomhtheanga an chlub agus ní bhíonn aon tacaíocht nó aitheantas breise ar fáil as seo. Is mór againn an deis seo ó Fhondúireacht Sheosamh Mhic Dhonncha le haitheantas a fháil as an úsáid a bhainimid as an nGaeilge agus as an mbród atá againn as an teanga.

Suirbhé

Rinne **Cumann Peile Naomh Anna** suirbhé ar bhaill maidir leis an Ghaeilge sa chlub idir **31 Márta** agus **14 Aibreán 2020**.

Torthaí ón suirbhé

Aithníonn an club na móréilimh agus na riachtanais teanga seo a leanas a eascairt ón suirbhé:

- A. Theastaigh ó bhaill an chumainn go mbeadh gréasán agus clár imeachtaí á chur ar fáil ag an gcumann
- B. Ba mhaith le formhór mór (91%) de na daoine a thug faoin suirbhé go mbeadh stádas níos lárnaí ag an nGaeilge sa chumann
- C. Theastaigh ó 73.3% de na daoine a thug faoin teanga go mbeadh Plean Teanga ag an gcumann
- D. Bhí roinnt freagróirí ag lorg cúnamh do thuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge acu agus deiseanna foghlamtha dóibh féin
- E. Bhí roinnt daoine ag lorg leabhráin chóitséala nó cúnamh le cóitseáil trí Ghaeilge

Is mian linn na héilimh agus na riachtanais seo a áireamh sna beartais teanga luaite sa phlean gníomhaíochta thíos.

Fís an Phlean

Ag aithint na héilimh agus na riachtanais a léiríodh sa suirbhé agus mianta Choiste Feidhmiúcháin agus Coiste Gaeilge an chlub, aontaíodh fís don phlean seo:

Ag cur na teanga i lár na Páirce

Léiríonn an fhís seo an bhéim a chuirfear ar úsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga sa chlub, idir chúrsaí riaracháin, phoiblíochta agus thraenála i measc ball óg agus aosta an chlub. Is é an rún atá againn ná go mbeidh fáil ar dheiseanna foghlamtha oiriúnacha ag gach ball nach í an Ghaeilge a gcéad teanga agus ardú suntasach ar úsáid na Gaeilge ina measc dá bharr faoi dheireadh thréimhse feidhme an phlean.

Aithníonn muid na mianta áirithe seo: Theastaigh ó bhaill an chlub go mbeadh an Ghaeilge mar phríomhtheanga an chlub, is é sin go n-úsáidfí í ar chomhtharthaíocht, fógraíocht, i gcóitseáil, le linn imeachtaí sóisialta an chlub, go mbeadh deiseanna ann do bhaill a gcuid Gaeilge a fheabhsú agus go mbeadh Plean Teanga againn chun na rudaí sin ar fad a bhaint amach.

Aithníonn muid freisin go bhfuil na deiseanna áirithe seo á gcur ar fáil againn cheana féin: Bíonn cóitseáil an chlub agus cruinnithe an choiste feidhmiúcháin ar siúl trí Ghaeilge. Is í an Ghaeilge teanga oibre an chlub ach cuirtear fáilte roimh bhaill nach í an Ghaeilge a gcéad teanga freisin.

Is cumann láidir Gaeltachta muid a bhfuil foirne á gcur chun páirce againn ó faoi 6 go dtí leibhéal Sinsir, idir fhir agus mhná. Déantar gnó ar fad an chlub trí Ghaeilge agus tá meas againn ar an teanga. Déanann muid ár ndícheall an teanga a chaomhnú agus a chur chun cinn ach is cinnte go bhfuil tuilleadh gur féidir linn a dhéanamh agus teastaíonn uainn ár míle dícheall a dhéanamh chun na céimeanna breise a thógáil chun é sin a dhéanamh.

Léirítear trí na spriocanna thíos an tiomantas atá againn don teanga agus don chultúr agus go dteastaíonn uainn gach gur féidir linn a dhéanamh chun an teanga a spreagadh agus a chur chun cinn sa chlub agus sa phobal i gcoitinne sa cheantar. Chuige seo, oibreoidimid leis an Oifigeach Pleanála Teanga áitiúil chun nasc a chruthú leis an bpobal i gcoitinne, chun eolas agus smaointe a roinnt, chun tacaíocht a fháil lenár spriocanna a bhaint amach agus le háit lárnach sa phobal a bhaint amach don chumann peile.

Tabharfar faoi roinnt de na spriocanna sa Phlean seo i gcomhar leis an Oifig Pleanála Teanga áitiúil agus le hoifigí forbartha eile an cheantair ionas go rachaidh na seirbhísí chun tairbhe gach duine sa phobal agus ní hamháin iad siúd a bhfuil ballraíocht acu sa chumann peile. Tá súil againn nasc a dhéanamh leis na hoifigí seo ar mhaithe leis an gcumann féin agus ar mhaithe leis an bpobal i gcoitinne ionas go mbeidh an teanga agus an cultúr láidir i ngach áit. Tá Ambasadóir Teanga á lorg ag an Oifigeach Pleanála Teanga áitiúil agus ba deis iontach a bheadh anseo chun nasc a chruthú idir an oifig sin agus an cumann peile agus chun spriocanna na hoifige sin agus an chumainn seo a chur chun cinn le chéile.

Aithnítear thréimhse **3 bliana** mar thréimhse sásúil chun an fhís seo a fhíorú.

Tairbhíthe an Phlean Teanga seo

Aithníonn an plean seo baill/grúpaí/líonraí áirithe laistigh den chlubphobal. Léiríonn an taighde atá déanta go bhfuil éileamh ar leith ar sheirbhísí teanga ó na grúpaí seo:

- Teaghlaigh le Gaeilge
- Daoine óga 6-18

Agus dá bharr sin, cuirfear béim ar leith ar na grúpaí sin sa Phlean Gníomhaíochta.

Is iad na baill/grúpaí/líonraí uilig a shonraítear sa phlean gníomhaíochta seo ná:

- Daoine óga 6-12
- Daoine óga 13-18
- Daoine fásta
- Teaghlaigh
- Teaghlaigh le Gaeilge
- Ballraíocht iomlán an chlub

- Foirne faoi aois
- Foirne sinsearacha
- Foghlaimoirí
- Cainteoirí Liofa

Plean Gníomhaíochta

LEAGTAR AMACH SPRIOCANNA A BHAINNEANN LEIS NA TÉAMAÍ SEO:

Feiceálacht na Teanga, Ról na Gaeilge i Saol an Chlub, Áit don Ghaeilge ag Coiste an Club, Dearcaidh Dhearfacha i leith na Teanga, Ag Freastal ar Éileamh i dtaobh Foghlaim Teanga, Eagrú Deiseanna Foghlamtha, Tacaíochtaí agus Aitheantas d'Fhoghlaim na Teanga, Ag Freastal ar Éileamh i dtaobh Úsáid na Teanga, Ag Cruthú Deiseanna chun an Teanga a Úsáid, Tacaíochtaí agus Aitheantais as Úsáid na Teanga.

Stádas na Gaeilge

Spriocanna				
Feiceálacht na Teanga, Ról na Gaeilge i Saol an Chlub, Áit don Ghaeilge ag Coiste an Club				
Uimh. FSMD	Gníomh	Gníomhaí	Spriocdháta	Tairbhithe
1	Ainm oifigiúil an chlub a bheith i nGaeilge agus Gaeilge amháin a bheith ar an lógó	Fochoiste Gaeilge	Bainte amach cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
2	Ainm an chlub agus an litriú ceart a chinntiú leis an Choiste Náisiúnta Gaeilge		Bainte amach cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
3	Ainm an chlub ar mhálaí, ar gheansaithe agus ar chultacha a bheith i nGaeilge amháin		Bainte amach cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
4	Gaeilge a chur ar stáiseanóireacht an chlub agus teidil na n-oifigeach a bheith i nGaeilge		Bainte amach cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
5	Ainm na páirce a bheith i nGaeilge amháin		Bainte amach cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
6	Oifigeach Gaeilge a cheapadh ar choiste an chlub		Bainte amach cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub

7	Mír faoin Ghaeilge ar chlár gach cruinnithe		Bainte amach cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
8	Comharthaíocht Ghaeilge sna seomraí feistis, sna leithris agus i seomra an réiteora, srl		Bainte amach cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
9	Gaeilge a úsáid ar an scórchlár - ainmneacha foirne i nGaeilge a bheith ar fáil agus in úsáid ar an scórchlár.		Bainte amach cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
10	Clár na gcrúinnithe coiste a bheith i nGaeilge amháin		Bainte amach cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
11	Comharthaíocht Ghaeilge ag fáiltiú roimh chuairteoirí agus ag fágáil slán leo.		Bainte amach cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
12	An Ghaeilge a chur chun tosaigh ar an Bhéarla ar fhógraí ar na meáin shóisialta		Bainte amach cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
13	Fógraí ar na meáin shóisialta a bheith i nGaeilge amháin.		Bainte amach cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
14	Liosta Ainmneacha Gaeilge na gClubanna eile sa chontae a chur ar fáil don Choiste		Bainte amach cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
15	Duine óg (18-35) a bhfuil Gaeilge aige/aici a cheapadh mar Oifigeach Óige		Bainte amach cheana féin le Ceapúchán le déanamh ag cruinniú cinn bliana 2020.	Daoine óga 6-12 Daoine óga 13-18
16	Inscríbhinní ar bhoinn, ar thrófaíthe agus ar theastais a bheith i nGaeilge amháin		Bainte amach cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub

17	Seicleabhar Gaeilge a lorg ón bhanc don chlub		Bainte amach cheana féin – ag fanacht ar cheann sa phost.	Ballraíocht iomlán an chlub
18	Mórfhoilseacháin an chlub a chur ar fáil i nGaeilge amháin		Bainte amach cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
19	Mionfhoilseacháin an chlub (m.sh. nuachtlitir, féilire, ticéid lotto, srl.) a chur ar fáil i nGaeilge amháin		Bainte amach cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
20	Leagan Gaeilge den suíomh idirlín a chur ar fáil		Bainte amach cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
21	Póstaeir agus ticéid le haghaidh cluichí, ócáidí sóisialta, feachtais airgid, srl a bheith i nGaeilge amháin		Bainte amach cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
22	An Ghaeilge a chur chun tosaigh ar an Bhéarla ar phóstaeir agus ar thicéid		Bainte amach cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
23	Comhfhreagras ón chlub a bheith i nGaeilge amháin sa Ghaeltacht agus i measc clubanna arb í an Ghaeilge a gcéad teanga		Ar siúl cheana. Féach sampla de théacsanna/ríomhphoist srl. faoi iamh	Ballraíocht iomlán an chlub
24	An Ghaeilge a chur chun tosaigh ar an Bhéarla ar fhógraí chuig baill		Ar siúl cheana féin le roinnt foirne (samplaí faoi iamh)	Ballraíocht iomlán an chlub
25	Fógraí chuig baill a bheith i nGaeilge amháin		Ar siúl cheana féin le roinnt foirne (samplaí faoi iamh)	Ballraíocht iomlán an chlub
26	Úsáid a bhaint as an Ghaeilge i nótaí an chlub sna nuachtáin áitiúla		Ar siúl cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub

27	Bean/Fear an Tí le Gaeilge ag aon ócáid bronnta duaiseanna/bonn agus ag ócáidí sóisialta eile		Ar siúl cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
28	Duaiseanna teanga ag Bronnadh na nÓg		Ar siúl cheana féin	Daoine óga 6-12 Daoine óga 13-18
29	Óráidí bronnta a dhéanamh i nGaeilge amháin		Ar siúl cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
30	Alt ar leith maidir le stádas na teanga agus gnéithe eile den chultúr a bheith i mbunreacht an chlub (tá teimpléad bunreachta ar fáil ó CLG)		Ann cheana féin, Fodhlí 2 i mBunreacht an Chumainn	Ballraíocht iomlán an chlub
31	Grúpa oibre a bhunú ar mhaithe le forbairt na Gaeilge sa chlub		Fó-Choiste Gaeilge bunaithe agus le faofa ag Cruiniú Cinn Bliana 2020	Ballraíocht iomlán an chlub
32	Tuarascáil bhliantúil lán-dátheangach a chur ar fáil		Ar siúl cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
33	Polasaí teanga a aontú agus a chur i bhfeidhm		Ag obair air faoi láthair	Ballraíocht iomlán an chlub
34	Polasaí a chur i bhfeidhm le go mbeidh fograíocht sa chlubtheach agus ar an pháirc i nGaeilge amháin		Ann cheana féin, Fodhlí 2 i mBunreacht an Chumainn	Ballraíocht iomlán an chlub
35	Ionadaí a chur ar fáil chun bheith páirteach sa mheitheal phleanála teanga áitiúil		Ar siúl cheana féin Nollaig 2020 (Ambasadóir á lorg ag an Oifigeach Pleanála Teanga Áitiúil)	Ballraíocht iomlán an chlub
36	Ionadaí a chur ar fáil chun bheith páirteach i bhforbairt baile seirbhíse Gaeltachta		Neamh bhainteach	

37	Suirbhé a dhéanamh ar chumas agus ar riachtanais teanga na mball		Bainte amach cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
38	Plean teanga 3 bliana don chlub a scríobh		Ar siúl cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
39	Páirt a ghlacadh i gComórtas Peile na Gaeltachta		Ar siúl cheana féin. An Comórtas á óstáil againn in 2021	Ballraíocht iomlán an chlub

Foghlaim na Gaeilge

Spriocanna				
Ag Freastal ar Éileamh i dtaobh Foghlaim Teanga, Eagrú Deiseanna Foghlamtha, Tacaíochtaí agus Aitheantas d'Fhoghlaim na Teanga				
Uimh. FSMD	Gníomh	Gníomhaí	Spriocdháta	Tairbhithe
40	An Fáinne a bhronnadh mar spreagadh d'fhoghlaimoirí			
41	An t-éileamh ar ranganna i measc na mball a mheas		Ar siúl cheana féin	Foghlaimoirí, Daoine óga 6-12 Daoine óga 13-18 Daoine fásta
42	Ranganna Gaeilge a chur ar fáil de réir éilimh		Ar siúl sa cheantar cheana féin le tacaíocht agus comhoibriú ón chumann	Foghlaimoirí, Daoine óga 6-12 Daoine óga 13-18 Daoine fásta
43	Ranganna Gaeilge agus cultúr na nGael a chur ar fáil d'Éireannaigh Nua		Ar siúl sa cheantar cheana féin le tacaíocht agus comhoibriú ón chumann	Foghlaimoirí, Daoine óga 6-12 Daoine óga 13-18 Daoine fásta
44	Ócáidí foghlama neamhfhoirmiúla a reáchtáil go rialta – m.sh. ciorcal comhrá		Eanáir 2021	Foghlaimoirí, Daoine óga 6-12 Daoine óga 13-18

				Daoine fásta
45	Dianchúrsa Gaeilge aon lae a eagrú		Deireadh Fómhair 2021	Foghlaimoirí Daoine óga 6-12 Daoine óga 13-18 Daoine fásta
46	Páirt a ghlacadh sa bhailiúchán náisiúnta do scoláireachtaí atá ag Conradh na Gaeilge		Ní bhíonn seo sa Ghaeltacht	
47	Cúrsaí Gaeilge a chur ar fáil do mhúinteoirí/teagascóirí ceoil, ealaíne, ióga, srl.		Ar siúl Cheana Féin sa cheantar	Ballraíocht iomlán an chlub
49	Áislann Ghaeilge a fhorbairt(leabhair, cluichí, foclóirí srl)		Ar siúl Cheana Féin	Ballraíocht iomlán an chlub
50	Aimsigh cúrsaí do bhaill chun go mbeidh siad in ann ceol, ealaín, ióga, srl. a theagasc trí Ghaeilge			
51	Oiliúint/deiseanna a chur ar fáil do thraenálaíthe le go mbeidh siad ábalta traenáil a chur ar fáil trí Ghaeilge		Ar siúl cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub

Úsáid na Gaeilge

Spriocanna				
Ag Cruthú Deiseanna chun an Teanga a Úsáid, Tacaíochtaí agus Aitheantais as Úsáid na Teanga				
Uimh. FSMD	Gníomh	Gníomhaí	Spriocdháta	Tairbhithe
53	Grúpa tuistí agus leanaí Gaeilge de chuid an chlub a eagrú		Déanta cheana agus ag iarraidh arís roimh Nollaig 2020	Ballraíocht iomlán an chlub
54	Cruinnithe an choiste a réachtáil trí Ghaeilge		Ar siúl cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub

55	Cuir isteach ar dheontas ó Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha		Samhain 2020	Ballraíocht iomlán an chlub
56	Na hiomaitheoirí i Scór Sinsear agus i Scór na nÓg a spreagadh le Gaeilge a úsáid sna comórtais, m.sh. ceardlann a eagrú leis seo a éascú		Bainte amach cheana féin ach ag súil le tabhairt faoi arís	Ballraíocht iomlán an chlub
57	Cuidiú le hOifigeach Gaeilge an Chontae na himeachtaí atá á n-eagrú aige/aici a fhógairt			
58	Comhoibriú a dhéanamh le heagrais chultúir/teanga agus le Gaeilgeoirí eile an cheantair		Ar siúl cheana Féin	Ballraíocht iomlán an chlub
59	Comhoibriú leis na heagrais chultúir/teanga lena gcuid imeachtaí a fhógairt		Ar siúl cheana Féin	Ballraíocht iomlán an chlub
60	Imeacht Gaeilge a eagrú i gcomhar le scoil áitiúil		Ar siúl cheana Féin	Ballraíocht iomlán an chlub
61	Blitzchomórtas spóirt a eagrú i gcomhar le scoileanna áitiúla		Ar siúl cheana Féin	Ballraíocht iomlán an chlub
62	Ranganna ceoil, ealaíne, ióga, srl. a chur ar fáil trí Ghaeilge		Ar siúl cheana Féin	Ballraíocht iomlán an chlub
63	Ócáid teaghlaigh Ghaeilge a eagrú, m.sh. picnic theaghlaigh		18ú Nollaig 2020	Ballraíocht iomlán an chlub
64	Turas club a eagrú agus úsáid a bhaint as seirbhís Ghaeilge, m.sh. Páirc an Chrócaigh, W5, srl.		Ar siúl cheana Féin	Ballraíocht iomlán an chlub
65	Seisiún scéalaíochta/ amhránaíochta/ filíochta a eagrú		Ar siúl cheana Féin	Ballraíocht iomlán an chlub
66	An traenáil spóirt uile a chur ar fáil trí Ghaeilge		Ar siúl cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub

67	Clár Scileanna Bunghluaiseachta a chur ar fáil trí Ghaeilge		Bainte amach cheana féin	Foirne faoi aois Foirne sinsearacha
68	Nasc a bhunú le club lán-Ghaeilge		Ar siúl cheana féin- clubanna eile Gaeltachta	Ballraíocht iomlán an chlub
69	Campa Gaeilge a eagrú Cumann óige lán-Ghaeilge a bhunú		Bainte amach cheana féin	Foirne faoi aois
70	Cumann óige lán-Ghaeilge a bhunú		Ag tacú agus comhoibriú le ceann sa cheantar cheana féin	Foirne faoi aois
71	Dúshlán Spóirt trí Ghaeilge ar na meáin shóisialta le haghaidh baill		Déanta cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
72	Seisiún Amhránaíochta / Ceoil trí Ghaeilge a eagrú ar line		Déanta cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub
73	Postálacha #GAAGaeilge a roinnt ar line		Déanta cheana féin	Ballraíocht iomlán an chlub

Líon gníomhaíochtaí comhlíonta i dtreo Bhonn Sheosaimh Mhic Dhonncha faoi dheireadh an Phlean:

71 (60 Bainte amach cheana)

Monatóireacht agus Cur i bhFeidhm Spriocanna an Phlean

Ar son tairbhe agus leas bhallraíocht iomlán an chlub atá an phlean seo agus dá réir sin tá **Coiste Feidhmiúcháin an Chlub** freagrach as cur i bhfeidhm an phlean seo. Tá an tOifigeach Gaeilge freagrach as monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar dhul chun cinn an phlean agus tuairisciú don Choiste Feidhmiúcháin ar bhonn rialta.